www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2018–2019

# Eolaíocht Teastas Singil: Ceimic

## Aonad 2
## Bonnsraith

**[GSA21]**

*GSA21*

**DÉARDAOIN 16 BEALTAINE 2019, MAIDIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **deich** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **10**.
Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na nDúl, istigh sa scrúdpháipéar seo.

12325.02


www.xtrapapers.com

1 **(a)** Anseo thíos tá samplaí de roinnt meascán agus dhá mhodh is féidir a úsáid leis na meascáin a dheighilt. Bain úsáid as línte le gach modh a mheaitseáil le meascán **amháin** arb é an ceann is fóirsteanaí é le deighilt a dhéanamh.

**Modh** | **Meascán**



Scagachán




Driogadh

dathanna i ndúch

salann agus uisce

gaineamh agus uisce

[2]

© CCEA

**(b)** Comhlánaigh na habairtí thíos faoi thuaslagadh.

Roghnaigh ó:

**intuaslagtha** **dothuaslagtha** **tuaslagóir** **tuaslagán** **iarmhar**

Thig le siúcra tuaslagadh in uisce, déantar cur síos air mar sholad

____________________. Déantar cur síos ar uisce mar

____________________ cionn is go dtuaslagann sé an siúcra. [2]

www.xtrapapers.com

**2** Is féidir miotal a úsáid le táblaí agus cathaoireacha paitió a dhéanamh.



© *terra24 / Getty Images*

**(a)** Luaigh **dhá** fháth ar ábhar fóirsteanach é miotal do throscán paitió.

Roghnaigh ó:

**trédhearcach** **láidir** **crua** **briosc** **solúbtha**

______________________ agus ______________________ [2]

**(b)** Is féidir troscán paitió a dhéanamh as **plaisteach** fosta. Luaigh dhá **bhuntáiste** as plaisteach a úsáid seachas miotal.

1. ______________________

2. ______________________ [2]

**(c)** Déantar cur síos ar phlaisteach mar ábhar sintéiseach. Cad é a chiallaíonn an téarma **sintéiseach**?

______________________

______________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**3** Bíonn fianaise méarlorg úsáideach le cuidiú le coireanna a réiteach. Taispeánann an léaráid thíos cineál amháin de mhéarlorg.



*© Middle Temple Library / Science Photo Library*

**(a)** Ainmnigh an **cineál** méarloirg atá ar taispeáint thuas.

______________________________________________ [1]

**(b)** Bíonn fianaise méarlorg úsáideach mar tá méarloirg uathúil. Cad é a chiallaíonn sé cur síos a dhéanamh ar mhéarloirg mar **uathúil**?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**(c)** Thig le heolaithe fóiréinseacha púdair agus modhanna eile a úsáid le méarloirg a fheiceáil agus a bhailiú ag láthair choire.

**(i)** Ainmnigh púdar **amháin** is féidir a úsáid le méarloirg a bhailiú.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh modh **amháin** eile a úsáidtear le méarlorg a bhailiú nó a fheiceáil ag láthair choire.

______________________________________________ [1]

**(d)** Seachas méarloirg, luaigh cineál **amháin** eile fianaise arbh fhéidir í a bhailiú ag láthair choire.

______________________________________________ [1]


**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**4** An tábla thíos, taispeánann sé faisnéis faoi dhramhaíl phlaistigh atá caite ar shiúl sa RA (*UK*).

| | **An rud a tharlaíonn don dramhaíl** | **Méid/%** |
|---|---|---|
| **A** | cuirtear chuig líonadh talaimh í | 54 |
| **B** | déantar í a athchúrsáil nó a mhúiríniú | 34 |
| **C** | dóitear í le fuinneamh a tháirgeadh | 12 |

**(a)** Bain úsáid as an fhaisnéis sa tábla leis na litreacha **A**, **B** agus **C** a chur sna boscaí cearta ar an phíchairt thíos.



[1]

**(b)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le dramhaíl a chur chuig láithreán líonadh talaimh.

Buntáiste ______________________________

______________________________

Míbhuntáiste ______________________________

______________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**(c)** Nuair a dhóitear dramhaíl scaoiltear dé-ocsaíd charbóin. Luaigh éifeacht **amháin** a d'fhéadfadh a bheith aici seo ar an timpeallacht.

______________________________________________ [1]

**(d)** Déantar cur síos ar phlaisteach mar ábhar do-bhithmhillte.

Sainmhínigh an téarma **do-bhithmhillte**.


______________________________________________

______________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**5** Tugann an léaráid thíos faisnéis faoi cheithre shubstaint **A**, **B**, **C** agus **D**.




**(a)** **(i)** Cé acu dhá shubstaint (**A**, **B**, **C** nó **D**) ar dúile iad?

_______________ agus _______________ [1]

**(ii)** Luaigh fáth **amháin** le do rogha.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(b)** Cé acu substaint (**A**, **B**, **C** nó **D**) arbh fhéidir gur miotal íon í?

_______________ [1]

**(c)** Luaigh cé acu substaint (**A**, **B**, **C** nó **D**) arbh fhéidir gur carbónáit sóidiam í.

_______________ [1]

www.xtrapapers.com

**6** Is ábhair chliste iad ábhair theirmeacrómacha agus ábhair fótacrómacha.
Athraíonn ábhair theirmeacrómacha dath de réir mar a athraíonn an teocht.

**(a)** Cad é is ábhar **fótacrómach** ann?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

Ba mhaith le comhlacht a chuid bia reoite a chur i bpacáistiú a athróidh dath ag brath ar an teocht.
Anseo thíos tá faisnéis faoi dhá chineál pacáistiú bia.

| **Pacáistiú 1** | **Pacáistiú 2** |
|---|---|
| Gorm nuair atá an teocht níos lú ná 0 °C | Bán nuair atá an teocht níos lú ná 0 °C |
| Corcra nuair atá an teocht idir 0 °C agus 10 °C | Dearg nuair atá an teocht 0 °C nó níos airde |
| Bándearg nuair atá an teocht níos mó ná 10 °C | Fanann sé dearg fiú má théann an teocht faoi bhun 0 °C arís |

**(b)** Ní mór don phacáistiú a thaispeáint má théann an teocht os cionn 0 °C agus leánn an bia sula reonn sé arís.
Cé acu pacáistiú (**1** nó **2**) ar chóir don chomhlacht é a roghnú? Mínigh do fhreagra.

Pacáistiú ______________

Míniú ______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**7** **(a)** An léaráid thíos, taispeánann sí na luachanna pH i gcodanna difriúla de chóras díleá an duine.




© ChrisGorgio / iStock

Bain úsáid as faisnéis sa léaráid agus as do chuid eolais féin leis na ceisteanna thíos a fhreagairt.

**(i)** Ainmnigh an chuid den chorp a bhfuil an pH is airde aici.

______________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an chuid den chorp leis an pH is aigéadaí.

______________________________ [1]

**(iii)** Cá mhéad cuid den chorp a bhfuil an pH céanna acu le huisce ina raon pH?

______________ [1]

www.xtrapapers.com

**(b)** Ainmnigh an ball fearais a úsáidtear le pH tuaslagáin a thomhas.

______________________________ [1]

**(c)** Má tá barraíocht aigéad hidreaclórach sa ghoile thig leis a bheith iontach pianmhar.
Is féidir seo a mhaolú trí tháibléad a chaitheamh ina bhfuil hiodrocsaíd mhaignéisiam.

**(i)** Cad é an t-ainm a thugtar ar an riocht a bhaineann le barraíocht aigéid a bheith sa ghoile?

______________________________ [1]

**(ii)** Comhlánaigh an chothromóid focal thíos don imoibriú idir aigéad hidreaclórach agus hiodrocsaíd mhaignéisiam.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Aigéad hidreaclórach | + | Hiodrocsaíd mhaignéisiam | → | | + | |

[2]

**(iii)** Cad é an t-ainm a thugtar ar an chineál imoibrithe idir aigéad agus alcaile?

______________________________ [1]

**(iv)** Tá an fhoirmle $Mg(OH)_2$ ag hiodrocsaíd mhaignéisiam. Comhlánaigh an abairt seo a leanas faoi fhoirmle hiodrocsaíd mhaignéisiam.

Tá ______________________ dúil dhifriúil léirithe ag an fhoirmle


$Mg(OH)_2$ agus tá ______________________ adamh san iomlán

léirithe ag an fhoirmle seo. [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**8** Léiríonn an léaráid thíos an Tábla Peiriadach.




**(a)** Cad é an t-ainm a thugtar ar na dúile:

**(i)** i nGrúpa 1? ____________________ [1]

**(ii)** i nGrúpa 0? ____________________ [1]

www.xtrapapers.com

**(b)** Tugtar na halaiginí ar dhúile Ghrúpa 7. Taispeánann an tábla thíos faisnéis faoin chéad cheithre halaigin.

| **Halaigin** | **Dlús/ g/cm³** | **Leáphointe/ °C** | **Fiuchphointe/ °C** |
|---|---|---|---|
| Fluairín | 0.0017 | −220 | −188 |
| Clóirín | 0.0032 | −102 | −34 |
| Bróimín | 3.1028 | −7 | 59 |
| Iaidín | 4.9330 | 114 | 184 |

**(i)** Luaigh an treocht i ndlús na halaiginí mar atá taispeánta sa tábla.


________________________________________

________________________________________ [1]

**(ii)** Tá Astaitín faoi bhun Iaidín i nGrúpa 7 den Tábla Pheiriadach. Déan leáphointe astaitín a thuar.

____________________ °C [1]

**(iii)** Is solad é astaitín ag teocht an tseomra. Comhlánaigh an léaráid thíos lena thaispeáint cad é an dóigh a bhfuil na cáithníní cóirithe i solad. Bain úsáid as ciorcail le cáithníní a léiriú.
Tá an chéad cháithnín tarraingthe duit.



[1]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com


9 **(a)** Cuir síos ar an dóigh a bhfoirmítear amhola.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(b)** An léaráid thíos, taispeánann sí cuid den phróiseas a úsáidtear le hamhola a dheighilt ina táirgí úsáideacha (codáin).




© CCEA

**(i)** Ainmnigh an próiseas a úsáidtear le hamhola a dheighilt mar a thaispeántar sa léaráid thuas.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh na codáin **X** agus **Y**.

**X** _______________________________________________

**Y** _______________________________________________ [2]

**(iii)** Cad chuige a ndéantar an amhola a théamh?

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**(iv)** Luaigh úsáid **amháin** ag biotúman.

_______________________________________________ [1]

**(c)** An tábla thíos, tugann sé roinnt faisnéise faoi chuid de na codáin a fhaightear ó amhola.

| **Codán** | **Raon Fiuchphointí /°C** | **Líon adaimh charbóin sa tslabhra alcán** |
|---|---|---|
| gás scaglainne | –160 go 20 | 1–4 |
| nafta | 70 go 120 | 5–10 |
| díosal | 170 go 230 | 14–20 |
| ola bhreosla | 230 go 350 | 20–50 |

Bain úsáid as faisnéis sa tábla leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(i)** Cé acu codán a bhfuil an raon fiuchphointí is mó aige?

_______________________ [1]

**(ii)** Cé acu codán a mbeadh na halcáin meatán agus eatán ag baint leis?

_______________________ [1]

**(iii)** Comhlánaigh an abairt faoin treocht atá á taispeáint sa tábla.

De réir mar a _________________ líon na n-adamh carbóin sa

tslabhra alcán _______________________________________ [1]

**(iv)** Is é 175 °C fiuchphointe alcáin. Cé acu codán a bhfuil sé ag baint leis?

_______________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**10** Sa Tábla Pheiriadach taispeántar alúmanam leis an tsiombail seo a leanas:

| |
|---|
| 27<br>Al<br>13 |

Cuir síos ar struchtúr adamh alúmanaim.

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra:

- líon na bprótón, na neodrón agus na leictreon in adamh alúmanaim
- suíomh na bprótón, na neodrón agus na leictreon san adamh
- cumraíocht leictreonach (struchtúr) adamh alúmanaim
- an dóigh a mbaineann cumraíocht leictreonach alúmanaim lena shuíomh (Grúpa agus Peiriad) sa Tábla Pheiriadach.

**Sa cheist seo measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat lena n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíocha.**

[6]

www.xtrapapers.com

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

www.xtrapapers.com

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Marc Iomlán | |

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

## SIOMBAILÍ D'IAIN ROGHNAITHE

### Iain Dheimhneacha

| Ainm | Siombail |
|---|---|
| Amóiniam | $NH_4^+$ |
| Cróimiam(III) | $Cr^{3+}$ |
| Copar(II) | $Cu^{2+}$ |
| Iarann(II) | $Fe^{2+}$ |
| Iarann(III) | $Fe^{3+}$ |
| Luaidhe(II) | $Pb^{2+}$ |
| Airgead | $Ag^+$ |
| Sinc | $Zn^{2+}$ |

### Iain Dhiúltacha

| Name | Symbol |
|---|---|
| Bútánóáit | $C_3H_7COO^-$ |
| Carbónáit | $CO_3^{2-}$ |
| Déchrómáit | $Cr_2O_7^{2-}$ |
| Eatánóáit | $CH_3COO^-$ |
| Hidrigincharbónáit | $HCO_3^-$ |
| Hiodrocsaíd | $OH^-$ |
| Meatánóáit | $HCOO^-$ |
| Níotráit | $NO_3^-$ |
| Própánóáit | $C_2H_5COO^-$ |
| Sulfáit | $SO_4^{2-}$ |
| Suilfít | $SO_3^{2-}$ |

## INTUASLAGTHACHT NA SALANN COITEANN, NA HIODROCSAÍDÍ AGUS NA N-OCSAÍDÍ IN UISCE FUAR

| Intuaslagtha |
|---|
| Gach salann sóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| Gach níotráit |
| An chuid is mó de na clóirídí, na bróimídí agus na hiaidídí SEACHAS clóirídí, bróimídí agus iaidídí airgid agus luaidhe |
| An chuid is mó de na sulfáití SEACHAS sulfáití luaidhe agus bairiam Tá sulfáit chailciam giota beag intuaslagtha |

| Dothuaslagtha |
|---|
| An chuid is mó de na carbónáití SEACHAS carbónáití sóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| An chuid is mó de na hiodrocsaídí SEACHAS hiodrocsaídí sóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| An chuid is mó de na hocsaídí SEACHAS ocsaídí sóidiam, potaisiam agus cailciam a imoibríonn le huisce |

© CCEA 2017

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44 (0)28 9026 1200 Fax: +44 (0)28 9026 1234
Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

www.xtrapapers.com

Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

# Bileog Sonraí

## Lena n-áirítear Tábla Peiriadach na nDúl

Le húsáid ag iarrthóirí atá ag dul do
Eolaíocht: Ceimic,
Eolaíocht: Teastas Dúbailte
nó Eolaíocht: Teastas Singil

**Caithfidh cóipeanna a bheith saor ó nótaí nó rudaí breise de chineál ar bith. Ní cheadaítear aon chineál ar bith de leabhrán sonraí nó de leathán faisnéise eile lena n-úsáid sna scrúduithe**

# scrúduithe gcse

# ceimic

Le teagaisc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017

www.xtrapapers.com

# TÁBLA PEIRIADACH NA nDÚL

## Grúpa

| 1 | 2 | | | | | | | | | | | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 0 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | 1 **H** Hidrigin 1 | | | | | | | | | | 4 **He** Héiliam 2 |
| 7 **Li** Litiam 3 | 9 **Be** Beirilliam 4 | | | | | | | | | | | 11 **B** Bórón 5 | 12 **C** Carbón 6 | 14 **N** Nítrigin 7 | 16 **O** Ocsaigin 8 | 19 **F** Fluairín 9 | 20 **Ne** Neon 10 |
| 23 **Na** Sóidiam 11 | 24 **Mg** Maignéisiam 12 | | | | | | | | | | | 27 **Al** Alúmanam 13 | 28 **Si** Sileacan 14 | 31 **P** Fosfar 15 | 32 **S** Sulfar 16 | 35.5 **Cl** Clóirín 17 | 40 **Ar** Argón 18 |
| 39 **K** Potaisiam 19 | 40 **Ca** Cailciam 20 | 45 **Sc** Scaindiam 21 | 48 **Ti** Tíotáiniam 22 | 51 **V** Vanaidiam 23 | 52 **Cr** Cróimiam 24 | 55 **Mn** Mangainéis 25 | 56 **Fe** Iarann 26 | 59 **Co** Cóbalt 27 | 59 **Ni** Nicil 28 | 64 **Cu** Copar 29 | 65 **Zn** Sinc 30 | 70 **Ga** Gailliam 31 | 73 **Ge** Gearmáiniam 32 | 75 **As** Arsanaic 33 | 79 **Se** Seiléiniam 34 | 80 **Br** Bróimín 35 | 84 **Kr** Crioptón 36 |
| 85 **Rb** Rubaidiam 37 | 88 **Sr** Strointiam 38 | 89 **Y** Itriam 39 | 91 **Zr** Siorcóiniam 40 | 93 **Nb** Niaibiam 41 | 96 **Mo** Molaibdéineam 42 | 98 **Tc** Teicnéitiam 43 | 101 **Ru** Ruitéiniam 44 | 103 **Rh** Róidiam 45 | 106 **Pd** Pallaidiam 46 | 108 **Ag** Airgead 47 | 112 **Cd** Caidmiam 48 | 115 **In** Indiam 49 | 119 **Sn** Stán 50 | 122 **Sb** Antamón 51 | 128 **Te** Teallúiriam 52 | 127 **I** Iaidín 53 | 131 **Xe** Xeanón 54 |
| 133 **Cs** Caeisiam 55 | 137 **Ba** Bairiam 56 | 139 **La*** Lantanam 57 | 178 **Hf** Haifniam 72 | 181 **Ta** Tantalam 73 | 184 **W** Tungstan 74 | 186 **Re** Réiniam 75 | 190 **Os** Oismiam 76 | 192 **Ir** Iridiam 77 | 195 **Pt** Platanam 78 | 197 **Au** Ór 79 | 201 **Hg** Mearcair 80 | 204 **Tl** Tailliam 81 | 207 **Pb** Luaidhe 82 | 209 **Bi** Biosmat 83 | 210 **Po** Polóiniam 84 | 210 **At** Astaitín 85 | 222 **Rn** Radón 86 |
| 223 **Fr** Frainciam 87 | 226 **Ra** Raidiam 88 | 227 **Ac†** Achtainiam 89 | 261 **Rf** Rutarfoirdiam 104 | 262 **Db** Dúibniam 105 | 266 **Sg** Seaboirgiam 106 | 264 **Bh** Bóiriam 107 | 277 **Hs** Haisiam 108 | 268 **Mt** Meitniriam 109 | 271 **Ds** Darmstaidiam 110 | 272 **Rg** Rointginiam 111 | 285 **Cn** Copairniciam 112 | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 140 **Ce** Ceiriam 58 | 141 **Pr** Praiséidimiam 59 | 144 **Nd** Neoidimiam 60 | 145 **Pm** Próiméitiam 61 | 150 **Sm** Samairiam 62 | 152 **Eu** Eoraipiam 63 | 157 **Gd** Gadailiniam 64 | 159 **Tb** Teirbiam 65 | 162 **Dy** Diospróisiam 66 | 165 **Ho** Hoilmiam 67 | 167 **Er** Eirbiam 68 | 169 **Tm** Túiliam 69 | 173 **Yb** Itéirbiam 70 | 175 **Lu** Lúitéitiam 71 |
| 232 **Th** Tóiriam 90 | 231 **Pa** Prótachtainiam 91 | 238 **U** Úráiniam 92 | 237 **Np** Neiptiúiniam 93 | 242 **Pu** Plútóiniam 94 | 243 **Am** Aimeiriciam 95 | 247 **Cm** Ciúiriam 96 | 245 **Bk** Beircéiliam 97 | 251 **Cf** Calafoirniam 98 | 254 **Es** Éinstéiniam 99 | 253 **Fm** Feirmiam 100 | 256 **Md** Meindiléiviam 101 | 254 **No** Nóbailiam 102 | 257 **Lr** Láirinciam 103 |

* 58 – 71 Sraith Lantanaim
† 90 – 103 Sraith Achtainiam

a X b

**a** = mais adamhach choibhneasta (go neasach)
**x** = siombail adamhach
**b** = uimhir adamhach